Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 31 Eanáir 2023**
**(OR. en)**

**5322/23**

**LIMITE**

**CORLX 52**
**CFSP/PESC 72**
**EPF AM 10**
**CSDP/PSDC 36**
**CSC 22**
**EUMC 19**
**COPS 28**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/338 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun trealamh míleata agus ardáin mhíleata a sholáthar d'Fhórsaí Armtha na hÚcráine, a cheaptar chun fórsa marfach a sheachadadh |

**CINNEADH (CBES) 2023/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/338 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun trealamh míleata agus ardáin mhíleata a sholáthar d'Fhórsaí Armtha na hÚcráine, a cheaptar chun fórsa marfach a sheachadadh**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 41(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 28 Feabhra 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/338[1], lenar bunaíodh beart cúnaimh ag a bhfuil méid tagartha airgeadais EUR 450 000 000 atá beartaithe chun soláthar trealaimh mhíleata agus ardán míleata d'Fhórsaí Armtha na hÚcráine, a cheaptar chun fórsa marfach a sheachadadh, a chumhdach.

(2) An 23 Márta 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/471[2] lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/338, lenar méadaíodh an méid tagartha airgeadais go EUR 900 000 000.

(3) An 13 Aibreán 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/636[3] lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/338, lenar méadaíodh an méid tagartha airgeadais go EUR 1 350 000 000.

PUBLIC

---

[1] Cinneadh (CBES) 2022/338 ón gComhairle an 28 Feabhra 2022 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun trealamh míleata agus ardáin mhíleata a sholáthar d'Fhórsaí Armtha na hÚcráine, a cheaptar chun fórsa marfach a sheachadadh (IO L 60, 28.2.2022, lch. 1).

[2] Cinneadh (CBES) 2022/471 ón gComhairle an 23 Márta 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/338 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun trealamh míleata agus ardáin mhíleata a sholáthar d'Fhórsaí Armtha na hÚcráine, a cheaptar chun fórsa marfach a sheachadadh (IO L 96, 24.3.2022, lch. 43).

[3] Cinneadh (CBES) 2022/636 ón gComhairle an 13 Aibreán 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/338 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun trealamh míleata agus ardáin mhíleata a sholáthar d'Fhórsaí Armtha na hÚcráine, a cheaptar chun fórsa marfach a sheachadadh (IO L 117, 19.4.2022, lch. 34).

(4) An 23 Bealtaine 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/809[1] lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/338, lenar méadaíodh an méid tagartha airgeadais go EUR 1 840 000 000.

(5) An 21 Iúil 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/1285[2] lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/338, lenar méadaíodh an méid tagartha airgeadais go EUR 2 330 000 000.

(6) An 17 Deireadh Fómhair 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/1971[3] lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/338, lenar méadaíodh an méid tagartha airgeadais go EUR 2 820 000 000.

PUBLIC

---

[1] Cinneadh (CBES) 2022/809 ón gComhairle an 23 Bealtaine 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/338 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun trealamh míleata agus ardáin mhíleata a sholáthar d'Fhórsaí Armtha na hÚcráine, a cheaptar chun fórsa marfach a sheachadadh (IO L 145, 24.5.2022, lch. 40).

[2] Cinneadh (CBES) 2022/1285 ón gComhairle an 21 Iúil 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/338 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun trealamh míleata agus ardáin mhíleata a sholáthar d'Fhórsaí Armtha na hÚcráine, atá ceaptha chun fórsa marfach a sheachadadh (IO L 195, 22.7.2022, lch. 93).

[3] Cinneadh (CBES) 2022/1285 ón gComhairle an 21 Iúil 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/338 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun trealamh míleata agus ardáin mhíleata a sholáthar d'Fhórsaí Armtha na hÚcráine, atá ceaptha chun fórsa marfach a sheachadadh (IO L 270, 18.10.2022, lch. 95).

(7) I bhfianaise an fhogha armtha leanúnaigh atá á thabhairt ag Cónaidhm na Rúise faoin Úcráin, ba cheart EUR 300 000 000 breise a chur leis an méid tagartha airgeadais.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2022/338 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/338 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Chun an cuspóir a leagtar amach i mír 2 a bhaint amach, maoineofar leis an mbeart cúnaimh soláthar trealaimh mhíleata agus ardán míleata d’Fhórsaí Armtha na hÚcráine, a cheaptar chun fórsa marfach a sheachadadh chomh maith le trealamh míleata agus ardáin mhíleata arna maoiniú faoin tSaoráid Eorpach Síochána agus trealamh comhionann a chothabháil, a dheisiú agus a athfheistiú, ar trealamh agus ardáin iad a cheaptar chun fórsa marfach a sheachadadh, a dhéanfaidh pearsanra míleata ar láithreáin mhíleata, nó i gcineálacha measctha comhair shibhialta-mhíleata nó i monarchana, arna iarraidh sin don Úcráin.’;

(2) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. EUR 3 120 000 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais atá beartaithe chun an caiteachas a bhaineann leis an mbeart cúnaimh a chumhdach.’;

PUBLIC

(3) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. I gcomhréir le hAirteagal 29(5) de Chinneadh (CBES) 2021/509, féadfaidh an riarthóir um bearta cúnaimh glao ar ranníocaíochtaí a dhéanamh tar éis ghlacadh an Chinnidh seo, suas go EUR 3 120 000 000. Ní úsáidfear na cistí a ghlaofaidh an riarthóir um bearta cúnaimh ach chun caiteachas a íoc laistigh de na teorainneacha arna bhformheas ag an gCoiste arna bhunú le Cinneadh (CBES) 2021/509 sna buiséid ghaolmhara leasaitheacha agus bhliantúla a chomhfhreagraíonn don bheart cúnaimh.’;

(4) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Beidh an caiteachas a bhaineann leis an mbeart cúnaimh a chur chun feidhme incháilithe ón 1 Eanáir 2022 agus go dtí dáta a chinnfidh an Chomhairle. Is é EUR 450 000 000 a bheidh san uaschaiteachas incháilithe arna thabhú roimh an 11 Márta 2022. Beidh EUR 1 280 000 000 incháilithe ón 21 Iúil 2022. Beidh caiteachas a bhaineann leis an gcothabháil agus deisiú incháilithe ón 17 Deireadh Fómhair 2022. Beidh caiteachas a bhaineann le hathfheistiú incháilithe ón ... *[IO: cuir isteach, le do thoil, dáta ghlactha an Chinnidh seo]*’;

PUBLIC

(5) in Airteagal 4, mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (j):

‘(j) an Aireacht Cosanta, Oifig Chónaidhme Gnóthaí Eachtracha agus Aireacht Chónaidhme Gnóthaí Baile agus Gnóthaí Pobail na Gearmáine;’.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC